Caibidil a hAon

Gáire a chuala Evan ar dtús. Ach ní gáire deas cairdiúil a bhí ann.

Ar an mbus a bhí sé, ag dul abhaile ón scoil. Ansin chuala sé guthanna ar a chúl, iad ag magadh agus ag gáire.

D'fhéach sé thart go tapa. Triúr buachaillí a bhí sa chúlsuíochán. Na buachaillí céanna a labhair leis ag stad an bhus. Bhí siad níos sine ná Evan, agus níos láidre freisin. Ní raibh éide scoile orthu mar a bhí air féin.

Gáire magúil. Cogar mogar agus cúpla focal amach os ard.

"Uaireadóir cliste, a deirim!"

Guth láidir, sotalach. Gach focal le cloisteáil ag Evan anois.

"Tá scáileán beag ar an uaireadóir," arsa an guth go mall. "Chonaic mé é nuair a chuir sé a lámh san aer. Ba mhaith liomsa féachaint i gceart ar an scáileán sin."

Chuir Evan a lámh síos idir a ghlúine. Bhí cluiche ar a uaireadóir, cluiche iontach nua. Nuair a bhí sé ag stad an bhus, chonaic na buachaillí é ag féachaint ar an uaireadóir. D'fhiafraigh siad de go magúil cén t-am é. Bhí siad míshásta nuair nár fhreagair Evan iad.

Ba cheart dom bheith cúramach, arsa Evan leis féin. Chomh luath is a ghluais an bus ón stad, bhí dearmad déanta aige de na buachaillí. Bhí sé ar bís an cluiche a imirt. Chuir sé a lámh san aer chun tús a chur leis agus chonaic siad an t-uaireadóir arís.

Botún a bhí ann an t-uaireadóir a thabhairt ar scoil in aon chor. Chuir sé an cluiche ar siúl ar feadh cúpla nóiméad sa rang mata. Chonaic an múinteoir é agus bhí ar Evan fanacht istigh tar éis am scoile mar phionós. Sin mar a tharla go raibh sé ar an mbus ina aonar agus a chairde imithe abhaile.

Ach ní raibh uaireadóir cliste aige riamh cheana. Ní raibh an cluiche le fáil sna siopaí fós. Bhí daoine ar fud an domhain á thástáil. Bhí comórtas ann agus fuair Evan seans páirt a ghlacadh ann.

"Ní chreidim go bhfaca tú scáileán," arsa guth nua.

"Is cuma liomsa cad a chreideann tú." Bhí an chéad bhuachaill ag éirí crosta.

"Is dócha gur banda aclaíochta atá aige. Fitbit nó rud éigin mar sin."

"Is dócha gur amadán tusa!" Gáire gránna, magúil. "Féachfaimid ar an uaireadóir agus ansin creidfidh tú mé."

Bhí eagla ag teacht ar Evan. Ach dúirt sé leis féin sárú ar an eagla. SÁRÚ an t-ainm a bhí ar an gcluiche. Bhí fadhbanna agus contúirtí móra ag gach leibhéal ann. Bhí ort sárú ar na fadhbanna agus an domhan a thabhairt slán. Bhí an-suim ag Evan a fháil amach conas an domhan a thabhairt slán.

Bhí an bus ar tí stopadh. D'fhéach Evan amach an fhuinneog. Ba mhaith leis imeacht den bhus agus fanacht ar an gcéad cheann eile. Ach bhí báisteach ag titim agus an tráthnóna ag éirí dorcha. Cén fáth nár shuigh sé in aice leis an tiománaí, tar éis do na buachaillí a bheith ag spochadh as ag stad an bhus?

Go tobann, chuala sé guth in aice leis. Guth fuarchúiseach, magúil.

"Hé, a leaidín, abair haileo le do chairde nua!"

Shuigh buachaill amháin in aice leis agus an bheirt eile ar a chúl. Chruinnigh siad thart ar Evan. Choimeád seisean a lámha síos idir a ghlúine.

"Seo, taispeáin d'uaireadóir deas dúinn!" Isteach ina chluas a dúirt an dara buachaill é.

"Crúb an t-ainm a thugann mo chairde orm," arsa an chéad bhuachaill. Rug sé ar smig Evan go garbh. "Tá crúba géara orm, an dtuigeann tú?"

"Déan mar a deirtear leat," arsa an dara buachaill. Ní dúirt an tríú buachaill focal, ach thosaigh sé ag tarraingt ar ghruaig Evan ar chúl a mhuiníl.

Bhí Evan beag dá aois. Bhí na bulaithe níos mó agus níos sine ná é. Ní bheadh seans ar bith aige dá

gcuirfeadh sé troid orthu. Ach bheadh sé i dtrioblóid mhór sa bhaile dá sciobfaí an t-uaireadóir. Gheall sé dá mham nach dtabharfadh sé ar scoil é.

Ba í a mham a chuir a ainm síos don tástáil. Bhí sí ag obair le comhlacht nua darb ainm Splanc. Comhlacht beag Éireannach ab ea Splanc a bhí ag obair le comhlacht mór idirnáisiúnta darb ainm Mega. Ba iad Mega a rinne an cluiche SÁRÚ agus a chuir an comórtas ar siúl. Ní raibh aithne ag Evan ar aon déagóir eile a bhí páirteach ann. Fuair a mham an t-uaireadóir ar iasacht ó Splanc agus thug sí d'Evan é.

Bhí an bus ag gluaiseacht arís. Ceithre nó cúig stad eile go dtí eastát Evan i mBaile an Chuain. Rinne sé iarracht seasamh. Dá suífeadh sé in aice leis an tiománaí, thuigfeadh na buachaillí go raibh eagla air. Ach dá bhfanfadh sé ina shuíochán, thógfaidís an t-uaireadóir.

Ní raibh seans ar bith aige éalú. Bhrúigh Crúb síos arís é. Bhí a ingne fada salacha cosúil le crúba an diabhail, mar a chonaic Evan i scannán uafáis uair amháin.

"Gnáthuaireadóir atá ann," ar sé go docht. Bhí deora ina shúile ach ní dhéanfadh sé gol. "Ní faic speisialta é."

"Ó, ní dóigh liom gur fíor sin," arsa Crúb. Rug sé ar lámh Evan go garbh agus shrac sé san aer í. Chonaic Evan an cluiche ag tosú. "An-deas ar fad," arsa Crúb go searbh. "Chuala mé faoi seo ar an idirlíon."

"Inis dúinn," arsa an bheirt eile.

"Cluiche nua ó Mega atá ann." Bhí súile geala fuara Chrúb ag faire ar an uaireadóir. "Tá duaiseanna le fáil ag na daoine a chríochnóidh ar dtús é."

Tharraing an dara buachaill cluas Evan go géar. "Guess what, táimidne go maith ag imirt cluichí. Agus sciobaimid pé rud is maith linn ó leaidíní cosúil leatsa."